Flyer:

Seisiúin Thacaíochta i Mí Bealtaine do Mhúinteoirí Gaeilge Iar-bhunscoile

Beidh dhá sheisiún tacaíochta **ar líne** á reáchtáil ag Foireann na Gaeilge PDST do mhúinteoirí Gaeilge Iar-bhunscoile.

Is féidir clárú do na seisiúin thacaíochta seo ar www.pdst.ie/onlinebooking

An Ghaeilge san Idirbhliain	**Dáta: 10 Bealtaine**	**Am: 7.30 in.**
Sa seisiún tacaíochta seo pléifear agus roinnfear moltaí agus straitéisí úsáideacha, tairbheacha maidir le teagasc na Gaeilge i rang na hIdirbhliana. Beidh deis ag múinteoirí dea-chleachtas atá á dhéanamh acu cheana féin a chomhroinnt.		
An Litríocht mar acmhainn don sealbhú teanga	**Dáta: 17 Bealtaine**	**Am: 7.30 in.**
Sa seisiún tacaíochta seo pléifear dea-chleachtas maidir le múineadh na litríochta. Díreofar ar straitéisí teagaisc agus foghlama spreagúla chun tabhairt faoin litríocht agus ar bhealaí le scileanna teanga a fhorbairt tríd an litríocht. Faoi stiúir an chomhairleora, tabharfar deis do mhúinteoirí teacht le chéile le caint agus comhrá chun dea-chleachtas a roinnt.		

Beidh teorann ar líon na ndaoine a bheidh in ann freastal ar na seisiúin seo. Mairfidh na seisiúin ar feadh uair an chloig. Beidh béim ar dhea-chleachtas a roinnt. Ar scáth a chéile a mhairimid!

Seol ríomhphost chuig onlinebooking@pdst.ie má tá aon deacracht agat clárú do na seisiúin thacaíochta.